

## TÉIGH I DTEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat fanacht i dteagmháil leis an tionscadal trínár suíomh gréasáin, áit a mbeifear ag postáil nuashonruithe ar an dul chun cinn chomh maith le sonraí faoi na hoibreacha atá ar siúl. Chun tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn le ríomhphost nó sa phost ag:

**Bainisteoir Tionscadail FRS na Dúnaibh**

**An Oifig Tionscadail:** RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontair, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 AF43

**Ríomhphost:** [downingfrs@rpsgroup.com](mailto:downingfrs@rpsgroup.com)

## NAISC ÁBHARTHA

**Láithreán Gréasáin:** <https://countydonegalfrs.ie/downingfrs/>

**COUNTY DONEGAL**  
FLOOD RELIEF SCHEMES



Tionscadal Éireann  
Project Ireland  
**2040**

**OPW**  
Oifig na  
nOibreacha Poiblí  
Office of Public Works

# NA DÚNAIBH

## Scéim Faoisimh Tuilte

**Nuachtlitir Uimh.5**  
**Nollaig 2021**

<https://countydonegalfrs.ie/downingfrs>



## CÉN CHÉIM AG A BHFUIL AN TIONSCADAL?

Tá Grúpa Stiúrtha FRS na nDúnaibh (Oifig na nOibreacha Poiblí, Comhairle Contae Dhún na nGall agus RPS) ag leanúint lena chinntiú go bhfuil na hoibreacha ar fad atá pleanáilte bunaithe ar an bhfaisnéis is beachte agus is cothrom le dáta. Tá an fhaisnéis ar fad a bhaineann leis an tionscadal le fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail [www.countydonegalfrs.ie/downings](http://www.countydonegalfrs.ie/downings) lena n-áirítear sonraí teagmhála na foirne.

Ní mór do shuirbhéanna a bhfuil sonraí á mbailiú acu samhail ar ríomhaire, atá cothrom le dáta, a chruthú de Shruith Mhachaire Loiscthe, Cuan na gCaorach, tá críoch curtha leis na cosaintí, tóchair agus tuilemhanna atá sa cheantar cheana féin.

Tríd úsáid a bhaint as na sonraí seo, tá samhlacha ar ríomhaire forbartha againn chun léargas a thabhairt ar Shruith Mhachaire Loiscthe agus ar mheicníochtaí cósta Chuan na gCaorach. Tá sreafaí abhann, leibhéil uisce agus ionchur báistí curtha againn leis na samhlacha agus tá dálaí tuilte macasamhlaithe againn, le haghaidh teagmhas tuartha (deartha) don am atá caite agus don todhchaí. Tá na samhlacha mionathraithe ag ár bhfoireann d'fhonn a chinntiú go bhfuil méid agus doimhneacht tuilte a tharla roimhe seo atá taifeadta á macasamhlú acu. Chuige seo, úsáideadh sonraí (grianghraif agus tuairiscí) maidir le teagmhais tuilte a tharla roimhe seo agus a chuir cónaitheoirí, úinéirí gnó agus páirtithe leasmhara áitiúla ar fáil d'fhonn a chinntiú go raibh léargas chomh cosúil le teagmhais tuilte a tharla roimhe seo ag Na Dúnaibh á sholáthar.

Tá roghanna á bhforbairt againn anois agus tá breithniú á dhéanamh againn ar bhearta bainistíochta riosca i gcás tuilte a d'fhéadfadh a bheith infheidhme ag Na Dúnaibh. Cuimseofar sa liosta seo, ach ní bheid sé teoranta do na bearta ar fad atá sonraithe i bPlean Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte an Iarthuaiscirt ([www.floodinfo.ie](http://www.floodinfo.ie)), agus beidh na bearta ar fad á scagadh, agus sainaitheofar na bearta sin a bhféadfaí measúnú níos mionsonraithe a dhéanamh orthu. Reáchtáladh ceardlann theicniúil chun forbairt roghanna a phlé ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2021 agus d'fhreastail Grúpa Stiúrtha FRS na nDúnaibh ar an gceardlann sin.

Chuir Foireann Comhshaoil RPS an tuarascáil a bhí bunaithe ar an Staidéar ar Shrianta Timpeallachta i gcrích ag deireadh mhí Lúnasa, Staidéar ina mbreithnítear príomhcheisteanna timpeallachta a bhféadfadh an scéim tuilte tionchar a bheith aici orthu, nó a bheith mar bhonn le srianta a fhorchur ar an scéim. Sa tuarascáil breithnítear Bithéagsúlacht, Flóra agus Fána, Ithreacha agus Geolaíocht, Seandálaíocht, Oidhreacht Ailtireachta agus Chultúrtha, Talamhúsáid agus Sócmhainní Ábhartha, Tionchar Tírdhreacha agus Amhairc, mar aon le Daonra agus Sláinte Dhaonna. Beidh an tuarascáil le fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail go luath.

Tá tuilleadh suirbhéanna comhshaoil mionsonraithe déanta ó mhí Lúnasa lena n-áirítear suirbhéanna éiceolaíochta a chur i gcrích a bhfuil srian orthu mar gheall ar na séasúir e.g. éiceolaíocht uisceach agus suirbhéanna iascaigh agus na suirbhéanna leanúnacha ar éin gheimhridh in Na Dúnaibh. Cuireann na suirbhéanna speisialaithe seo leis na suirbhéanna bonnlíne tosaigh a rinneadh in 2020 agus 2021.



Suirbhé gnáthóige Chéim 1 ag na Dúnaibh

## TIONCHAR AN CHORÓINVÍRIS (COVID-19)

D'oibrigh foireann an tionscadail go dícheallach d'fhonn a chinntiú go bhfuil an treoir sláinte poiblí maidir leis an gCoróinvíreas á comhlíonadh ag gach gníomhaíocht a bhaineann leis an tionscadal agus ag an am céanna tá iarracht á déanamh tionchair dhiúltacha ar chlár an tionscadail a laghdú. Lean Grúpa Stiúrtha FRS na nDúnaibh ag bualadh lena chéile go rialta trí fhíschomhdháil. Ghlac údarais áitiúla le dlús a chur le scéimeanna faoisimh tuilte mar sheirbhís riachtanach.

## BREAC-CHUNTAS AR CHLÁR SCÉIM NA DÚNAIBH

	Gníomhaíocht	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Céim 1	Bailiú Sonraí agus suirbhéanna	■					
	Anailís Hidreolaíochta	■	■				
	Anailís Hiodrálach		■	■			
	Anailís agus forbairt na Scéime		■	■	■		
Céim 2	Pleanáil			■	■		
Céim 3	Dearadh mionsonraithe na Scéime				■	■	
Céim 4	Oibreacha tógála					■	■
Céim 5	An Scéim á hOibriú						■

*\*Is iad na hamlínte atá curtha ar fáil an meastachán is fearr ach tá siad faoi réir athbhreithnithe.*

## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

**Bailiú Sonraí:** Tá na tacair sonraí ar fad a bhí fós le fáil a bhaineann le Céim I den Tionscadal faighte.

**Suirbhéanna:** Tá na suirbhéanna mionsonraithe curtha i gcrích. Tá na sonraí deiridh curtha ar fáil d'Fhoireann an Tionscadail agus úsáidte sa tsamhail hiodrálach. I láthair na huairé, tá scrúdú á dhéanamh ag RPS ar cibé acu atá nó nach bhfuil gá le tuilleadh suirbhéanna chun eolas a chur ar fáil don réamhdhearadh scéime.

**Anailís Hidreolaíoch:** Tá críoch curtha leis na sreafaí dearaidh agus leibhéil uisce atá úsáidte sna samhlacha chun tuilte a ionsamhlú, agus tá an Dréacht-tuarascáil hidreolaíochta curtha i gcrích.

**Anailís Hiodrálach:** Tá an tsamhail hiodrálach calabraithe agus fíoraithe trí úsáid a bhaint as sonraí a bhaineann le teagmhais tuilte stairiúla d'fhonn a chinntiú go soláthraítear léargas beacht ar na meicníochtaí tuilte. Anois bainfeadh úsáid as an tsamhail seo chun roghanna innealtóireachta éagsúla a mheas agus a chur i gcomparáid lena chéile, roghanna a bheidh mar bhonn leis an riosca i gcás tuilte in Na Dúnaibh a laghdú.

**Anailís agus Forbairt na Scéime:** Tá liosta de gach beart bainistíochta riosca i gcás tuilte féideartha a d'fhéadfadh a bheith infheidhme in Na Dúnaibh á chur i dtoll a chéile i láthair na huairé. Déanfar iad seo a scagadh ionas go ndéantar measúnú mionsonraithe ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith inmharthana go teicniúil agus ar bhonn eacnamaíoch, agus inghlactha go sóisialta agus ó thaobh na timpeallachta de.

**Measúnú Timpeallachta:** Tá sé beartaithe tuilleadh suirbhéanna a dhéanamh sna míonna amach romhainn lena n-áirítear suirbhéanna ar speicis chosanta, suirbhéanna seandálaíochta agus ailtireachta.